

Gabh chuig www.ccea.org.uk/therevision leis an leagan is úrnua a íoslódáil den **tSonraíocht Cheimice**

Ag Tacú Leat

Tá micreashuíomh tiomnaithe againn don Cheimic le **foireann áitiúil** atá ag obair le tacaíocht a thabhairt duit trí na rudaí seo a sholáthar:

- scéimeanna oibre do AS agus A2 araon;
- comhaid fíricí do AS agus A2 araon;
- lámhleabhar praiticiúil a léiríonn eochairthurnaimh agus eochairtheicnící;
- ríomhleabhar do AS agus A2, ar a n-áirítear:
 - fiseáin d'eochairthurnaimh, agus
 - agallaimh le pearsanra atá ag obair i dtionscal na gceimiceán agus san ardoideachas;
- roghbhlúire sonraíochta;
- treoir ar an chúrsa do dhaltai; agus
- bileog sonraí nuashonraithe, doiciméad le téarmaí a shoiléiriú agus doiciméad ar dhathanna inghlactha.

Más féidir linn cuidiú leat, iarrtar ort teagmháil a dhéanamh linn leis na sonraí atá curtha ar fáil ar an tsuíomh gréasáin ag www.ccea.org.uk

Déan Teagmháil Linn

Má bhíonn ceist agat nó má bhíonn comhairle nó treoir de dhíth ort, déan teagmháil le:

Oifigeach Ábhair le freagracht fhoriomlán as an tsonraíocht seo
Elaine Lennox
(028) 9026 1200 folíne 2320
elennox@ccea.org.uk

Oifigeach Tacaíochta Sonraíochta
Nuala Tierney
(028) 9026 1200 folíne 2292 ntierney@ccea.org.uk

3 fháth mhaithe le CCEA a roghnú don tsoláthar A-leibhéil agus GCSE agat



Tugann muid tacaíocht d'Fhoghlaimoirí

Cuireann CCEA an foghlaimoir i gcróilár gach rud a dhéanann muid trasna an churaclaim ar fad.



Is eagraíocht Áitiúil muid

Is é CCEA foras cáiliúcháin Thuaisceart Éireann - tuigeann muid riachtanais áitiúla d'fhoghlaimoirí áitiúla.



Tá muid Ag Éisteacht

Éisteann CCEA lena chuid custaiméirí le torthaí níos fearr a chinntiú d'fhoghlaimoirí trí shonraíochtaí nuálacha, ábhartha, d'ardchaighdeán a fhorbairt.



GCE ATHBHREITHNITHE CCEA

Ceimic

Roghbhlúire Sonraíochta



@ccea_info



cceainfo



ccea.info



© CCEA 2016

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT

29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG

Tel: +44(0)28 9026 1200 Fax: +44(0)28 9026 1234

Email: info@ccea.org.uk Web: www.ccea.org.uk



THE REVISION

Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2016
Le bronnadh ar leibhéal AS den chéad uair samhraidh 2017
Le bronnadh ar leibhéal A den chéad uair samhraidh 2018

Ceimic

Roghbhlúire Sonraíochta



Forléargas

Is ábhar í an cheimic a bhíonn ag éabhlóidiú de shíor de réir mar a éiríonn fadhbanna úra agus go bhfaightear réitigh úra orthu. Mar mhúinteoirí ceimice, ba mhaith le gach duine againn go mbeadh na scileanna agus an t-eolas ag ár ndaltaí le bheith ábalta leanúint leis an cheimic nó le hábhar atá bainteach léi ar leibhéal níos airde.

D'éist CCEA le bhur gcuid tuairimí agus tá muid an-bhuíoch as na dóigheanna ar chuidigh sibh leis an tsonraíocht athbhreithnithe seo. Creideann muid go bhfuil sí nua-aoiseach, bunaithe ar scileanna agus dúshlánach go leor le caighdeán arda a bhaint amach, rud a ligfidh dóibh cáilíocht a fháil a oscloídh doirse dóibh chuig a lán gairmeacha éagsúla.



Achoimre Sonraíochta

Is minic a deirtear gurb í an Cheimic an eolaíocht is ilúsáidí. Is í an eolaíocht í is minice a bhíonn á héileamh ag ollscoileanna agus ag institiúidí ardoideachais d'fhoghlaimoirí le tosú ar chéimeanna sa mhíochaine, san fhiacloireacht agus sa chógaseolaíocht, san eolaíocht fhóiréinseach agus sa tréidliacht, agus san innealtóireacht cheimiceach. Tá tóir mhór uirthi agus bíonn sí ag teacht go maith le staidéar ar na heolaíochtaí eile. Bíonn béim mhéadaithe ar inneachar matamaiticiúil fosta.

Dearadh an tsonraíocht le daltaí a spreagadh lena spéis sa cheimic a fhorbairt. Topaicí amháil an Cheimic sa Mhíochaine agus Cealla Breosla, ligeann siad do dhaltaí a thuiscint an dóigh a gcuireann an cheimic leis an tsochaí. Tá dóchas againn go spreagfaidh an cháilíocht seo daltaí leanúint leis an cheimic nó le hábhair a bhaineann léi thar leibhéal an GCE.



Tairbhe do Dhaltaí

A-leibhéal na Ceimice CCEA, ligfidh sé do do dhaltaí díograis a fhorbairt don ábhar trí na rudaí seo a chur ar fáil:

- tuiscint leathan ar mhórghnéithe uilig na ceimice, rud a chuireann ar a gcumas eolas a chur i bhfeidhm agus scileanna a fhorbairt;
- réimse leathan scileanna praiticiúla, rud a nasctar leis an teoiric atá forbartha sa chúrsa. Na scileanna seo, ligfidh siad do dhaltaí bheith níos muiníní agus iad ag dul i mbun tascanna praiticiúla agus cuirfidh sé ar a gcumas tuiscint níos doimhne a bheith acu ar an teoiric trína chur i bhfeidhm sa tsaotharlann; agus
- scileanna sárluachmhara don áit oibre agus don bhreisoidéachas agus don ardoideachas araon, mar shampla, taighde, imscrúdú, anailís, cumarsáid, fadhbréiteach agus ag obair le daoine eile.

Inneachar	Achoimre Inneachair	Measúnú	Ualuithe
AS 1:	Bunchoincheapa sa Cheimic Fhísiceach agus Neamhorgánach	Scrúdú seachtrach scríofa 1 uair 30 nóiméad Ceisteanna ilroghnacha agus struchtúrtha	40% de AS 16% den A-leibhéal
AS 2:	Ardcheimic Fhísiceach agus Neamhorgánach agus Buneolas ar Cheimic Orgánach	Scrúdú seachtrach scríofa 1 uair 30 nóiméad Ceisteanna ilroghnacha agus struchtúrtha	40% de AS 16% den A-leibhéal
AS 3:	Buncheimic Phraiticiúil	Leabhrán praiticiúil A – déanta sa tsaotharlann 1 uair 15 nóiméad Leabhrán praiticiúil B – déanta sa halla scrúdúcháin 1 uair 15 nóiméad	20% de AS 8% den A-leibhéal
A2 1:	Ardcheimic Fhísiceach agus Orgánach	Scrúdú seachtrach scríofa 2 uair an chloig Ceisteanna ilroghnacha agus struchtúrtha	40% de A2 24% den A-leibhéal
A2 2:	Ceimic Anailíseach, Miotail Thrasdultacha, Leictriceimic agus Ceimic Orgánach Nítrigine	Scrúdú seachtrach scríofa 2 uair an chloig Ceisteanna ilroghnacha agus struchtúrtha	40% de A2 24% den A-leibhéal
A2 3:	Ardcheimic Phraiticiúil	Leabhrán praiticiúil A – déanta sa tsaotharlann 1 uair 15 nóiméad Leabhrán praiticiúil B – déanta sa halla scrúdúcháin 1 uair 15 nóiméad	20% de A2 12% den A-leibhéal

Cad chuige a ndéantar an Cheimic a Theagasc?

Is minic a deirtear gurb í an Cheimic an eolaíocht is ilúsáidí. Is í an eolaíocht í is minice a bhíonn á héileamh ag ollscoileanna agus ag institiúidí ardoideachais d'fhoghlaimoirí le tosú ar chéimeanna sa mhíochaine, san fhiacloireacht agus sa chógaseolaíocht, san eolaíocht fhóiréinseach agus sa tréidliacht, agus san innealtóireacht cheimiceach.

Cuireann Teagasc na Ceimice béim ar an chur chuige anailíseach; daltaí a bhfuil intinní fiosracha acu, bainfidh siad sult as a fháil amach cé acu substaintí atá i láthair sna samplaí anaithnide a thugtar dóibh.

Gheobhaidh daltaí scileanna ar nós modhanna taighde, modhanna imscrúdaithe, anailís, agus cumarsáid, fadhbréiteach agus ag obair le daoine eile. Is scileanna iad seo uilig a bhfuil meas orthu i mbreisoidéachas agus in ardoideachas, chomh maith leis an áit oibre.